# Ailín agus Pól ag siopadóireacht

**Éist le hAilín agus Pól. Cuir ciorcal timpeall an fhreagra chuí i ngach cás.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ailín** | | | |
| Rud a cheannaigh sí: | geansaí | gúna | sciorta |
| Dath: | buí | dearg | gorm |
| Praghas: | €39.99 | €40.99 | €49.99 |
| Ceapann Ailín go bhfuil sé: | saor | daor | ródhaor |
| Ceapann Pól go bhfuil sé: | saor | daor | ródhaor |
| | | | |
| **Pól** | | | |
| Rud a cheannaigh sé: | geansaí | léine | bríste |
| Dath: | buí | bándearg | gorm |
| Praghas: | €39.99 | €40.99 | €49.99 |
| Ceapann sé go bhfuil sé: | saor | daor go leor | ródhaor |

# Script

**<u>Ailín</u>**

**Ailín:** Féach ar an ngúna seo, nach bhfuil sé sin go deas?

**Pól:** Ní maith liom é. Tá sé an-fhada.

**Ailín:** Bhuel céard faoin sciorta deas dearg seo?

**Pól:** Tá sin deas, ceart go leor. Cé mhéad atá air?

**Ailín:** Daichead Euro, nócha naoi cent.

**Pól:** Ó tá sin an-daor.

**Ailín:** Níl sin daor. Sílimse go bhfuil sé sin saor. Féach anseo tá daichead a naoi nócha naoi ar an gceann seo agus níl sé deas ar chor ar bith.

**Pól:** Mmm. An bhfuil tú chun é a cheannach, mar sin?

**Ailín:** Tá. Is maith liom go mór é.

**<u>Pól</u>**

**Pól:** Ba mhaith liom féin geansaí agus léine a cheannach.

**Ailín:** Sin léine dheas thall ansin.

**Pól:** Cé acu ceann?

**Ailín:** An ceann buí in aice leis an ngeansaí gorm.

**Pól:** Mmmm. Cé mhéad atá air?

**Ailín:** Naoi Euro is tríocha agus nócha naoi cent.

**Pól:** Hmm tá sin saor go leor. Sin an ceann ceart mar sin.

**Ailín:** Cad faoi do gheansaí?

**Pól:** Ara, lá éigin eile.

**Ailín:** Sin sin, mar sin.